M23T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO 4.20**

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| Cuid a hAON Ceisteanna Gearrfhreagra | Marc |
|---|---|
| Marc Carnach | |
| Marc Dícheadaithe | |
| Marc Glan | |

**N.B. Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar nó caillfear marcanna.**


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

**Freagair DEICH gceist**

**Tá na Ceisteanna go léir ar aon mharc**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

## 1. Oighriú




Scrúdaigh an léaráid thuas agus ansin meaitseáil **gach** cheann de na tuairiscí sa tábla thíos leis an litir chuí sa léaráid.

| Tuairisc | Litir |
|---|---|
| Log domhain i sliabh ar a dtugtar Coire nó Cirque. | |
| De réir mar a leánn an t-oighearshruth cruthaíonn sé droim fada ar a dtugtar moiréan tosaigh | |
| Droim cosúil le scian ar a dtugtar Airéit (Arête) | |
| Binn phirimidiúil arb é creimeadh oighreach is cúis léi. | |
| De réir mar a ghluaiseann oighearshruth déantar scoilteanna san oighearchlúid | |

**[10]**

**2. Gnéithe Cósta**



Scrúdaigh an fótagraf a léiríonn réigiún cósta.

**(i)** Ainmnigh **dhá** ghné den shil-leagan atá le feiceáil anseo sna boscaí atá ann dóibh.

[ ] **Agus** [ ]

**(ii)** An dóichí go bhfuil na tonnta anseo Tógálach **nó** Scriosach?

______________________________


**(iii)** Ainmnigh **dhá** shlí ina ndéanann limistéar cósta mar sin leas eacnamaíoch na ndaoine.

**Slí 1** ______________________________

**Slí 2** ______________________________

**[10]**

**3. Bolcáin**





Scrúdaigh an léaráid de bholcán a thaispeántar thuas.
Bain úsáid as na téarmaí seo a leanas **chun na bearnaí ar an léaráid a líonadh:**

- Craos
- Cón tánaisteach
- Scamall luaithreamháin
- Cráitéar
- Seomra magma

**[10]**

## 4. Íomháineachas Satailíte




Léiríonn na híomhánna satailíte a thaispeántar anseo ceantar sa Téalainn roimh tsunami na Nollag 2004 agus ina dhiaidh.

**(i)** Cad is tsunami ann? ____________________________________________

**(ii)** Ainmnigh cúis amháin le tsunami: ______________________________________

**(iii)** Ainmnigh **trí** fhadhb a raibh an tsunami ina chúis leo sa Téalainn.

**Fadhb 1:**

____________________________________________________________

**Fadhb 2:**

____________________________________________________________

**Fadhb 3:**

____________________________________________________________

**[10]**

**5. Cineálacha carraige**



Léiríonn an fótagraf thuas tírdhreach cáiliúil basailt in Éirinn.

Roghnaigh an freagra ceart as **gach** ceann de na ráitis thíos agus scríobh do fhreagra sa spás atá ann dó.

**(i)** Is **bruthcharraig / carraig dhríodair / carraig mheiteamorfach** í an charraig seo:

_______________________________________________________________

**(ii)** Fuaraíonn basalt **go domhain faoi / gar do** dhromchla an domhain:

_______________________________________________________________

**(iii)** Fuaraíonn basalt **go tapa / go mall**: ___________________________________

**(iv)** Carraig **gharbhghráinneach / mhínghráinneach** atá sa charraig seo:

_______________________________________________________________

**(v)** Glacadh an fótagraf seo i gConamara / ag Clochán an Aifir / i mBoirinn:

______________________________________________________________________

**[10]**

**6. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Ríomh (ina chiliméadair chearnacha) neasachar sliocht iomlán na léarscáile:

| |
|---|
| |

**[10]**

**7. Léarscáil na Suirbhéireacht Ordanáis**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Sainaithin an **seaniarsma** a thaispeántar ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:

**(i)** **V892904** ________________________________

**(ii)** **V949887** ________________________________

**(iii)** **V988924** ________________________________

**(iv)** **V878908** ________________________________

**(v)** **V977871** ________________________________

**[10]**

**8. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chill Airne atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

**(i)** An fótagraf **ceartingearach** nó fótagraf **sceabhach** é? __________________________

**(ii)** Agus an ghnáthnodaireacht á húsáid agat (e.g. Cúlra ar Dheis, etc.. . . ), luaigh suíomh **dhá** shéipéal atá ar an bhfótagraf:

Séipéal 1: ________________________________________________

Séipéal 2: ________________________________________________


**(iii)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an bhfótagraf thar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis chun séipéil a thaispeáint.

_________________________________________________________________

**[10]**

**9. Aibhneacha**

**(a)** Scrúdaigh an Léaráid thíos. Ainmnigh **GACH** ceann de na trí ghréasán abhann sna boscaí a ghabhann leo:




**A** 

**B** 

**C** 

**(b)** Taispeántar gleann abhann ar shliochtléarscáil seo na Suirbhéireachta Ordanáis.




(i) Cé acu **cúrsa uachtarach**, **cúrsa meánach** nó **cúrsa íochtarach** abhainn na Muaidhe a thaispeántar ar shliochtléarscáil na S.O?

______________________________


(ii) Cén t-**ainm** a thugtar ar an ngné atá marcáilte le X ar an léaráid?

______________________________

**[10]**

**10. Éire**

Taispeánann an léarscáil thíos an t-ioncam indiúscartha teaghlaigh in aghaidh an duine in Éirinn sa bhliain 2002.




**(a)** Sainaithin an contae ina bhfuil an t-ioncam indiúscartha is airde.

______________________________________________

**(b)** Ainmnigh na **trí** chontae ina bhfuil an t-ioncam indiúscartha is ísle.

**(i)**____________________**(ii)**________________**(iii)**________________

**(c)** Ainmnigh cúis **amháin** a bhfuil ioncam indiúscartha chomh híseal sin sna contaetha sin.

______________________________________________

**[10]**

**11. Réigiúin**

Is eagraíocht í an Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha (ECEF/OECD) a chuireann comhairle ar 30 ceann de na náisiúin is mó tionscal ar domhan. Tá a cuid ball liostaithe thíos:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **An Astráil** | **An Fhionlainn** | **Éire** | **An Ísiltír** | **An Spáinn** |
| **An Ostair** | **An Fhrainc** | **An Iodáil** | **An Nua-Shéalainn** | **An tSualainn** |
| **An Bheilg** | **An Ghearmáin** | **An tSeapáin** | **An Iorua** | **An Eilvéis** |
| **Ceanada** | **An Ghréig** | **An Chóiré** | **An Pholainn** | **An Tuirc** |
| **Poblacht na Seice** | **An Ungáir** | **Lucsamburg** | **An Phortaingéil** | **An Ríocht Aontaithe** |
| **An Danmhairg** | **An Íoslainn** | **Meicsiceo** | **An tSlóvaic** | **SAM/USA** |

Liostaigh **cúig** thír ón tábla thuas **nach** bhfuil san Eoraip.

**(i)** ________________________

**(ii)** ________________________

**(iii)** ________________________

**(iv)** ________________________

**(v)** ________________________

**[10]**

**12. Gnéithe den Chreimeadh**

Is mar thoradh ar ghníomhaíocht oighir, abhann nó farraige a tharla ann do na gnéithe seo a leanas. I gcás gach ceann de na gnéithe atá liostaithe luaigh cé acu ceann de na hoibrithe (oighear, aibhneacha nó farraige) a d'fhoirmigh í.

| **GNÉ** | **FOIRMITHE AG** |
|---|---|
| **Eas** | ___________________ |
| **Speir chomhthrasnach** | ___________________ |
| **Eiscir** | ___________________ |
| **Poll séideáin** | ___________________ |
| **Coire/Cirque** | ___________________ |

**[10]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór d’iarrthóirí tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **Dhá** cheist as Roinn 1
- Ceist **amháin** as Roinn 2

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

**ROINN 1 – CROÍCHÚRSA**

**NÓ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Fhisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN as Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT FHISICEACH**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 1**

## A. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Scrúdaigh an sliochtléarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar atá cuimsithe sa sliocht.
**Marcáil** agus **ainmnigh** iad seo a leanas ar an tsracléarscáil:

- Abhainn na Fleisce
- Loch Ribíneach <u>nó</u> Slabhrach
- Láthair Chatha
- Tearmann Dúlra
- Limistéar de Choillearnach <u>Nádúrtha</u>

**(30 Marc)**

## B. PRÓISIS DROMCHLA

Roghnaigh ceann **amháin** ar bith de na próisis dromchla seo a leanas:

- Gníomhaíocht farraige/mhuirí
- Gníomhaíocht abhann
- Oighearoibriú
- Ollghluaiseacht

Mínigh le cabhair léaráidí foirmíocht **dhá** thírghné ar bith in Éirinn arb é an próiseas a roghnaigh tú ba chúis leis.


**(40 Marc)**

## C. IDIRGHABHÁIL AN DUINE

Agus tagairt agat do shampla a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh agus déan cur síos ar bhealach **amháin** a ndéanann daoine iarracht próisis abhann **nó** próisis mhuirí/fharraige **nó** ollghluaiseacht a rialú.

**(30 Marc)**

Ceist 2




## A. TEICTEONAIC PHLÁTAÍ

Déan tagairt do na lipéid **V, W, X, Y** agus **Z** ar an léarscáil thuas agus **luaigh i do fhreagarleabhar** cé acu ceann díobh seo a bhfuil gach saighead dírithe air:

- Imeall tógálach
- Imeall scriosach
- Trasimeall / imeall claochlúcháin
- Droim d'Fhillshléibhte
- Spota Te **(30 Marc)**

## B. PLÁTAÍ AGUS BOLCÁIN

Mínigh le cabhair **sampla** a bhfuil staidéar déanta agat air cén fáth a dtarlaíonn gníomhaíocht bholcánach ag imill na bplátaí. **(30 Marc)**

## C. CREATHANNA TALÚN

Léigh an tuairisc thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh **i do fhreagarleabhar**:

"De réir oifigigh de chuid na Pacastáine, mharaigh an creathán talún, a raibh méid 7.6 ann, 87,000 duine agus d'fhág 3.5 milliún duine gan dídean. Measann na Náisiúin Aontaithe go bhfuil 2.5 milliún duine ina gcónaí i bpubaill (i gcampaí) taobh thíos de 5,000 troigh, agus go bhfuil daoine eile i gcontúirt fós i limistéir níos airde, áit a bhfuil sé deacair ar héileacaptair agus ar thrucailí teacht orthu i ngeall ar an sneachta agus ar an mbáisteach."

Tuairisc leis an *Boston Herald*


**(i)** Cé chomh láidir agus a bhí an creathán (crith) talún?

**(ii)** Cé mhéad duine atá gan dídean?

**(iii)** Mínigh cén fáth a ndearna an creathán talún an oiread sin damáiste sa limistéar ardtailte a bhfuil cur síos air sa tuairisc.

**(40 Marc)**

Ceist 3




**A. AN TIMTHRIALL CARRAIGE**

Agus tagairt agat do na boscaí a bhfuil na lipéid A, B agus C orthu ar an léaráid thuas den Timthriall Carraige luaigh **i do fhreagarleabhar** cén litir a sheasann dóibh seo:

- Carraig Dhríodair
- Carraig Mheiteamorfach
- Magma

**(30 Marc)**

**B. RÉIGIÚIN CHARST**

Cad é an príomhchineál carraige atá le fáil i réigiúin charst?
Déan cur síos mion ar conas a fhoirmítear an cineál sin carraige.

**(30 Marc)**

**C. RÉIGIÚIN CHARST**

Mínigh le cabhair léaráidí conas a foirmíodh **dhá thírghné ar bith faoi thalamh** atá le fáil i réigiún carst.

**(40 Marc)**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**
**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 4**

Léiríonn na figiúirí thíos réigiúin turasóireachta na hÉireann ar thug turasóirí intíre cuairt orthu sa bhliain 2004.

***2004 - Réigiúin ar Tugadh Cuairt Orthu – Laethanta Saoire Intíre (%)***

| | 2004 |
|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | 13.9 |
| **Lár na tíre – an tOirthear** | 12.5 |
| **An tOirdheisceart** | 15.9 |
| **An tIardheisceart** | 20.4 |
| **An tSionainn** | 11.3 |
| **An tIarthar** | 17.9 |
| **An tIarthuaisceart** | 8.1 |

**A. ÉIRE – LAETHANTA SAOIRE INTÍRE**

Bain úsáid as grafpháipéar chun graf a tharraingt a léireoidh na sonraí sa tábla thuas.

**(30 Marc)**

**B. RÉIGIÚIN EORPACHA**

Agus tagairt agat do réigiún Eorpach **amháin** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air, tabhair, agus mínigh go mion, **dhá** chúis a bheadh ag turasóirí le cuairt a thabhairt ar an réigiún.

**(40 Marc)**

**C. RÉIGIÚIN NEAMH-EORPACH**

Déan cur síos ar an tionchar a imríonn an Aeráid **nó** an Tírdhreach Fisiceach ar fhorbairt na turasóireachta i réigiún Neamh-Eorpach Ilchríochach **nó** i réigiún neamh-Eorpach Fo-Ilchríochach ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**(30 Marc)**

**Ceist 5**

## A. ÉIRE – RÉIGIÚIN

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.
Marcáil agus ainmnigh iad seo uirthi:

- **Dhá** réigiún chontrártha
- Cathair nó baile mór **amháin** i n**gach réigiún** díobh

**(30 Marc)**

## B. RÉIGIÚIN EORPACHA

Mínigh an tábhacht a bhaineann le ceann **amháin** de na tionscail phríomhúla thíos i ngeilleagar réigiúin Eorpaigh ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

- An Talmhaíocht
- An Fhoraoiseacht
- An Iascaireacht
- An Mhianadóireacht/ Tionscal an Fhuinnimh

**(30 Marc)**


## C. RÉIGIÚIN NEAMH-EORPACHA

Agus tagairt agat do réigiún Neamh-Eorpach Ilchríochach nó do réigiún Neamh-Eorpach Fo-Ilchríochach a bhfuil staidéar déanta agat air:

Déan cur síos ar **dhá** thoisc a d'imir tionchar ar fhorbairt na tionsclaíochta ann.

**(40 Marc)**

**Ceist 6**




**A. TREOCHT AN DAONRA**

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann daonra Mhaigh Eo agus Chill Dara ó 1841.

(i) I ndiaidh cén bhliain daonáirimh ar tháinig athrú suntasach ar threocht an daonra i gCill Dara?

(ii) Cén bhliain daonáirimh ina ndeachaigh daonra Chill Dara os cionn dhaonra Mhaigh Eo den chéad uair?

(iii) Mínigh go hachomair **dhá** chúis le méadú an daonra i gcroílimistéir mar Chill Dara.

**(30 Marc)**

**B. RÉIGIÚIN EORPACHA**

Agus tagairt agat do **dhá** réigiún Eorpacha atá contrártha le chéile, mínigh na difríochtaí atá eatarthu faoi cheann **amháin** de na ceannteidil seo a leanas:

- Aeráid
- Patrúin daonra
- Foinsí fuinnimh
- Tionscail Déantúsaíochta

**(40 Marc)**

**C. RÉIGIÚIN NEAMH-EORPACHA**

I gcás réigiún Neamh-Eorpach Ilchríochach nó réigiún Neamh-Eorpach Fo-Ilchríochach a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos achomair ar **dhá** thoisc a d'imir tionchar ar fhorbairt na talmhaíochta **nó** na tionsclaíochta sa réigiún.

**(30 Marc)**


## ROINN 2 – ROGHNACH

**NÍ MÓR duit tabhairt faoi cheist AMHÁIN**
**AS**
- **Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Eacnamaíocha**

**NÓ**
- **Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Dhaonna**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA**
**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 7**




**A. RÁTA FOSTAÍOCHTA**

Léiríonn an tábla thuas an fás sa ráta fostaíochta sa tréimhse 1990-2003. (OECD)

(i) Cén tír ina raibh an méadú ba lú ar an ráta fostaíochta sa tréimhse sin?
(ii) Cén dá thír ina raibh an titim ba mhó sa ráta fostaíochta sa tréimhse sin?
(iii) Cén tír ina raibh an méadú ba mhó ar an ráta fostaíochta sa tréimhse sin?

**(30 Marc)**

**B. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-**aerfótagraf** atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Samhlaigh go bhfuil mar thasc agat suíomh oiriúnach a aimsiú do chuideachta a dhéanann bogearraí ríomhaireachta.

(i) Luaigh go soiléir cá suífeá an mhonarcha agus bain úsáid as an ngnáthnodaireacht (e.g. Cúlra ar Dheis, etc. …)

(ii) Mínigh cúis **amháin** i bhfabhar an tsuímh seo agus cúis **amháin** ina aghaidh.

**(30 Marc)**

**C. CUIDEACHTAÍ ILNÁISIÚNTA**

Tá cuid mhaith cuideachtaí ilnáisiúnta tar éis iad féin a lonnú in Éirinn le blianta beaga. Mínigh go hiomlán **dhá** chúis a bhfuil Éire chomh mealltach sin do chuideachtaí dá leithéid. **(40 Marc)**

**Ceist 8**

## A. TÁSCAIRÍ FORBARTHA

Scrúdaigh an tábla thíos a dhéanann tagairt do thír Fhorbartha agus do thír i mBéal Forbartha.

| Táscaire | Tír A | Tír B |
|---|---|---|
| Achar | 923,768 cm.cr. | 70,280 cm.cr. |
| Daonra | 129,934,911 | 4,015,676 |
| OTI (GDP) in aghaidh an duine | $840 | $31,900 |
| Ionchas Saoil | 50.6 | 77.6 |
| Ráta Litearthachta | 57.1% | 77.6% |
| Ráta Beireatais (in aghaidh an mhíle) | 39.22 | 14.47 |
| Ráta Báis (in aghaidh an mhíle) | 14.10 | 7.85 |
| Fás Daonra | 2.54% | 1.16% |
| Ráillí Traenach sa tír | 3,557 km | 3,312 km |
| Pointe is Airde | 2,419 m | 1041 m |

(i) Luaigh cén tír – A nó B – atá i **mbéal forbartha**.

(ii) Liostaigh **dhá** tháscaire ón tábla a chuidigh leat cinneadh a dhéanamh.

**(30 Marc)**

## B. AN tAONTAS EORPACH

Bhí baint mhór ag ballraíocht san AE le forbairt eacnamaíoch na hÉireann.
Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina ndeachaigh ballraíocht san AE chun leasa d'Éirinn.

**(40 Marc)**

## C. RÉIGIÚIN I mBÉAL FORBARTHA

D'fhulaing roinnt tíortha atá i mbéal forbartha go mór i ngeall ar an gcoilíniú san am atá caite.
Agus tagairt agat do **thír nó réigiún ar leith** a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos ar **dhá** bhealach inar chuir an coilíniú srian le forbairt an réigiúin sin.

**(30 Marc)**

**Ceist 9**

**A. $CO_2$ SAN ATMAISFÉAR – ÉIRE**

Déanann an tábla thíos tagairt don mhéid $CO_2$ atá san atmaisféar in Éirinn.

| **Bliain** | **1980** | **1985** | **1990** | **2000** | **2002** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tonnaí méadracha in aghaidh an duine** | 7.7 | 7.5 | 8.7 | 11.2 | 10.9 |

Bain úsáid as grafpháipéar chun graf a tharraingt a léireoidh na sonraí atá sa tábla thuas.

**(30 Marc)**

**B. BREOSLAÍ IONTAISEACHA**

(i) Ainmnigh **dhá** bhreosla iontaiseacha.

(ii) Tá breoslaí iontaiseacha ina gcúis le cuid mhaith damáiste don timpeallacht, an téamh domhanda agus an bháisteach aigéadach, mar shampla. Mínigh cad is cúis leis an téamh domhanda **nó** leis an mbáisteach aigéadach agus déan cur síos ar a t(h)ionchar ar an timpeallacht.

**(40 Marc)**

**C. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN DUINE AGUS AN TIMPEALLACHT**

Is féidir le gníomhaíochtaí eile an timpeallacht a chur i gcontúirt. Orthu sin tá:

- Ró-iascaireacht
- Ollturasóireacht
- Dúshaothrú ar acmhainní fuinnimh
- Díchoilltiú
- Fairsingiú fásaigh

Scrúdaigh an bhagairt a dhéanann gníomhaíocht **amháin** agus i do fhreagra:

(i) Déan cur síos ar an bhfadhb a chruthaítear.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar réiteach féideartha **amháin** ar an fhadhb sin.

**(30 Marc)**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT DHAONNA**
**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 10.**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

**A. AERFÓTAGRAF**

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san fhótagraf. Ar do sracléarscáil **marcái**l agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Carrchlós mór
- Patrún na sráideanna
- Limistéar coillearnaí
- An Lárcheantar Gnó
- Limistéar de shraitheanna tithe a bhfuil gairdín acu

**(30 Marc)**

**B, CRIOSANNA GLASA**

Central Park, Nua-Eabhrac sa gheimhreadh.



http://www.centralpark.com

Is sampla de chrios talamhúsáide taobh istigh de chathair í páirc mar seo. Mínigh go hiomlán **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach criosanna glasa dá leithéid a chaomhnú taobh istigh de bhailte móra agus/nó de chathracha.

**(30 Marc)**

**C. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh an sliochtléarscáil S. O. 1:50000 seo de **Chill Airne** atá in éineacht leis an bpáipéar seo agus freagair iad seo a leanas:

(i) Ainmnigh, agus tabhair suímh, **dhá** phatrún de lonnaíochtaí tuaithe ar an léarscáil.

(ii) Mínigh go mion forbairt patrúin **amháin** atá roghnaithe agat.

**(40 Marc)**

**Ceist 11**

**Meastacháin ar Dhaonra agus ar Imirce na hÉireann**

| An Bhliain dar críoch Aibreán | Athrú Nádúrtha (000) | Inimircigh (000) | Eisimircigh (000) |
|---|---|---|---|
| 1987 | 29.0 | 17.2 | 40.2 |
| 1989 | 22.6 | 26.7 | 70.6 |
| 1991 | 22.0 | 33.3 | 35.3 |
| 1993 | 20.0 | 34.7 | 35.1 |
| 1995 | 17.2 | 31.2 | 33.1 |
| 1997 | 19.0 | 44.5 | 25.3 |
| 1999 | 21.2 | 48.9 | 31.5 |
| 2001 | 24.8 | 59.0 | 26.2 |
| 2003 | 31.9 | 50.5 | 20.7 |
| 2005 | 33.5 | 70.0 | 16.6 |

**A. DAONRA AGUS IMIRCE – ÉIRE**

Bain úsáid as na figiúirí ón tábla thuas chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt **i do fhreagarleabhar**.

(i) Cén bhliain ina raibh an inimirce níos mó ná an eisimirce den chéad uair?

(ii) Ríomh an difríocht idir an inimirce agus an eisimirce in 2005.

(iii) Cén bhliain inar bhain an eisimirce an pointe is airde amach?

**(30 Marc)**

**B. ÉIRE – INIMIRCE**

Mínigh **dhá** chúis ar tháinig méadú ar an inimirce go hÉirinn le deireanas.

**(30 Marc)**

**C. DÍDEANAITHE**


(i) Déan cur síos ar **dhá** fhadhb a bhíonn ag dídeanaithe nuair a lorgaíonn siad dídean (áit shábháilte) i dtír nua ar nós na hÉireann.


(ii) Mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh rialtais a dhéanamh chun cabhrú le dídeanaithe na fadhbanna sin a réiteach.

**(40 Marc)**

**Ceist 12**

**An tSúdáin 2000** **An tSúdáin 2050**




## A. STRUCHTÚR DAONRA

Déan staidéar ar na pirimidí daonra thuas. Déan cur síos ar **dhá** dhifríocht idir an struchtúr i 2000 agus an struchtúr measta do 2050.

**(30 Marc)**

## B. RÓDHAONRA

(i) Mínigh cad is ciall le 'ródhaonra'.

(ii) Mínigh **dhá** thoradh ag an ródhaonra ar réigiún no ar thír a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi.

**(30 Marc)**

## C. FADHBANNA UIRBEACHA

Bain úsáid as samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu agus abair cén difríocht a bheadh idir fadhbanna uirbeacha sa Domhan Forbartha agus fadhbanna uirbeacha sa Domhan i mBéal Forbartha.

**(40 Marc)**

# LEATHANACH BÁN